Oibrithe Imirceacha Polannacha ag fágáil na Breataine ina Sluaite

– VOA News, Claudia Blume

Tá Grzegorz Mrozek ag caint le sainchomhairleoir fostaíochta i gcarthanacht i Londain. Tá an tógálaí Polannach seo i ndeireadh na feide.

Chaill mé an post... Ceapaim gur chaill mé an teach, b'fhéidir. Táim gan dídean. Tá sé rí-dheacair. B'fhéidir go rachaidh mé ar ais go dtí an Pholainn an mhí seo chugainn.

Cuireann an charthanacht seo béilí saor in aisce ar fáil d'imircigh dífhostaithe cosúil le Grzegorz Mrozek. Tá líon na bPolannach a chaill a bpost ag dul i méid sa mheathlú geilleagair sa Bhreatain. Is deacair teacht ar phoist nua. Bainistíonn Janie Kidston an tionscadal fostaíochta 'UR4Jobs'.

Tá sé i bhfad níos deacra anois, i bhfad níos deacra, go háirithe i dtionscal na tógála, i dtionscal na déantúsaíochta agus go háirithe i réimsí eile amhail poist ghlantacháin toisc gurbh iad sin na príomhréimsí oibre a bhí ar fáil againn do dhaoine.

Nuair a bhí borradh eacnamaíochta sa Bhreatain, b'éasca é post a aimsiú mar thógálaí agus mar phéintéir, mar shampla. Bhog na mílte Polannach go dtí an Ríocht Aontaithe nuair a tháinig an Pholainn isteach san Aontas Eorpach sa bhliain 2004. Is gnáthrud é comhlachtaí, bialanna agus siopaí Polannacha a fheiceáil ar fud na tíre. Ach tá deireadh tagtha leis an mborradh eacnamaíochta agus tá a lán Polannach ag filleadh abhaile.